Tá Mamó agus Daideo ag teacht ar cuairt. Iarrann Mamaí ar Shéamas a sheomra a ghlanadh. Cuireann sé chuige le fonn ach bíonn air áit folaigh a aimsiú go tapa do roinnt cairde leis. Ní tháabharfadh Mamó ná Daideo rud ar bith faoi deara...

Leabhar eile le hÁine Ní Ghlinn atá díríthe orthu siúd atá tosaithe ar an léitheoireacht neamhspleách.

ISBN 1-85791-464-3

Glantachán Earraigh

Áine Ní Ghlinn

An G

Glantachán Earraigh

Áine Ní Ghlinn

© Foras na Gaeilge, 2003

ISBN 1-85791-464-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Criterion Press Teo. a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil ar an bpost uathu seo:
An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
acpoili@mail.portland.co.uk

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chuig:
Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

'Ach ghlan mé mo sheomra seachtain ó shin!'

'Bhuel, glan arís é!'

'Ach ..,' arsa Séamas.

'Ná bac le "ach"!' arsa Mamaí. 'Beidh Mamó agus Daideo anseo go luath! Tá Daidí imithe go dtí an stáisiún cheana féin chun iad a bhailiú.'

D'fhéach Séamas uirthi agus imní ina dhá shúil.

'Ach ní … ní bheidh siad ina gcodladh i mo sheomrasa … an mbeidh?'

'Ní bheidh. Codlóidh siad sa seomra againne agus codlóidh mé féin agus do Dhaidí sa seomra breise.'

'Bhuel, cén fáth a gcaithfidh mise mo sheomrasa a ghlanadh, mar sin?'

D'fhéach Mamaí go géar air.

'Mar go bhfuil sé lofa!'

'Níl sé lofa!'

Bhí Mamaí ag éirí tuirseach den argóint.

'Éist,' a dúirt sí, 'tá do sheomra lofa. Tá boladh bréan as. Tá salachar faoin leaba agus táimse ag rá leat é a ghlanadh. ANOIS!'

'Maith go leor,' arsa Séamas. 'Glanfaidh mé mo sheomra. Ach níl aon rud salach faoi mo leaba. Níl ann ach rudaí a theastaigh uaim a choimeád.'

Bhí Úna, deirfiúr Shéamais, ag éisteacht leis an gcomhrá seo ar fad. Phléasc sí amach ag gáire.

'Rudaí a theastaigh uait a choimeád!' ar sise. 'Sea! Stocaí peile nach bhfaca gallúnach ná uisce le trí mhí! Agus feithidí ón ngairdín!'

Bhí Séamas ar a bhealach suas an staighre faoin am seo agus smuilc air.

'I do shrón féin atá an boladh lofa!' a dúirt sé lena dheirfiúr.

‘Éirígí as an argóint!’ arsa Mamaí leis an mbeirt acu. ‘Suas leat, a Shéamais agus glan do sheomra. Agus a Úna, is féidir leatsa tosú ar an seomra suí! Má dhéanann an bheirt agaibh jab maith beidh rud éigin deas againn don lón!’

‘Sceallóga?’

‘B’fhéidir é.’

‘Uachtar reoite?’

‘B’fhéidir – ach mura dtosaíonn sibh ar an obair láithreach …’

Ní bhfuair Mamaí deis an abairt a chríochnú. Faoin am a bhí an méid sin ráite aici, bhí Úna istigh faoin staighre agus an folúsghlantóir á tharraingt amach aici. Bhí Séamas thuas staighre ina sheomra agus é ag breathnú thart.



'Ní fheicim aon salachar anseo!' ar seisean leis féin.

Bhuel, is dócha go bhféachfadh an chuilt ní b'fhearr dá mbeadh sí ar an leaba… Ach céard faoin gcampa iontach a bhí á dhéanamh aige sa chúinne? Bheadh deireadh leis sin dá gcuirfeadh sé an chuilt ar ais ar an leaba.

Chuimhnigh sé ansin ar an lón a bhí geallta ag Mamaí dó. Bhí sé cinnte go ndéanfadh sí sceallóga. Agus uachtar reoite ina dhiaidh sin! Nó barra seacláide b'fhéidir …

Is dócha go bhféadfadh sé campa eile a dhéanamh nuair a bheadh Mamó agus Daideo imithe abhaile.

Thosaigh Séamas ag obair. An leaba ar dtús. Chóirigh sé an bhraillín. Shocraigh sé an piliúr i gceart ag barr na leapa. D'fhéach sé ar an gcampa ansin. Dhá chathaoir a bhí ann agus an chuilt crochta idir an dá cheann.

Isteach leis faoin gcuilt. D'fhéach sé ar na bréagáin go léir a bhí istigh sa champa aige … casúr, tua bheag, clocha ildaite, carranna, cleití agus go leor leor eile.

Cén dochar a dhéanfadh sé dá gcaithfeadh sé cúig nóiméad eile ag spraoi …?

Go tobann bhíog an tIndiach Rua. Bhí guth éigin le cloisteáil i bhfad i gcéin. D'fhéach sé ar a uaireadóir. Bhí leathuair an chloig imithe! Amach leis as an gcampa.

'Ó, a thiarcais!'

Tharraing sé na cleití amach as a chuid gruaige. Leag sé an tua as a lámh. Rith sé amach an doras.

'Sea, a Mhamaí! Tá mé beagnach réidh.'

'Tá súil agam go bhfuil,' arsa Mamaí. 'Beidh mé chugat i gceann deich nóiméad le do sheomra a sheiceáil.'

Deich nóiméad! Tharraing Séamas an campa indiach i dtreo na leapa. Chaith sé in airde ar an leaba é.

D'fhéach sé faoin leaba ansin. Bhí roinnt mhaith rudaí ann ceart go leor. Ach rudaí luachmhara a bhí iontu. Agus cúpla peata a bhí bailithe aige sa ghairdín.

Tharraing sé amach teach beag ar dtús. Bosca bróg a bhí ann agus poill bheaga déanta ann ionas go mbeadh go leor aeir ag Feirdia.

Frog ba ea Feirdia a mbíodh cónaí air ag bun an ghairdín go dtí gur shocraigh Séamas go dtabharfadh seisean aire dó. Bhí boladh aisteach ón mbosca inniu, áfach. D'oscail Séamas é. Bhí Feirdia ina luí ansin gan gíog as, a chraiceann glas éirithe chomh tirim le páipéar.

'Ó, a thiarcais,' arsa Séamas. 'Rinne mé dearmad tú a chur isteach san fholcadán ar maidin.'

Bhí sé ró-dhéanach anois.

Dhún Séamas an bosca arís agus d'fhág sé i leataobh é. Tharraing sé chuige bosca eile. Bhí luch bheag ramhar sa bhosca seo. Bhí sise fós beo beathach – a súile beaga ag breathnú go faiteach agus go hocrach ar Shéamas.

'Ná bí buartha,' arsa Séamas. 'Gheobhaidh mé bia duit anois. Tá mé cinnte gur fhág mé leathcheapaire anseo an lá cheana.'

Thosaigh Séamas ag tarraingt amach gach rud a bhí faoin leaba.
Bhí ispín ann agus craiceann banana.
Bhí geansaí peile ann … agus bhí an ceart ag Úna faoi na stocaí.
Faoin leaba a bhí siad ceart go leor.
Ach ní raibh an boladh chomh dona sin, dar leis!



Bhí leabhair ann agus éadaí eile – agus bróga reatha nach raibh feicthe aige le cúpla mí. Bhí Séamas an-sásta iad sin a fháil.

Faoi dheireadh d'aimsigh sé an leathcheapaire. Chuir sé isteach sa bhosca in aice leis an luch é. Bholaigh an luch é ach ba léir go raibh sí amhrasach faoi. Chuir Séamas an t-ispín isteach sa bhosca freisin. Bholaigh an luch é sin freisin agus thosaigh á ithe.

Go tobann chuala sé glór Mhamaí arís.

'An bhfuil tú réidh fós, a Shéamais? Beidh mé chugat i gceann trí nóiméad.'

D'fhéach Séamas thart. Bhí an seomra fós ina chiseach.

'Beagnach réidh, a Mhamaí,' ar seisean.

'Bhuel, déan deifir anois, a stór,' arsa Mamaí. 'Tá Daidí tar éis glaoch ón stáisiún. Ní fada go mbeidh siad anseo.'

Rith Séamas anonn go dtí an áit ina mbíodh an campa. D'fhéach sé ar na bréagáin ar fad. Cá gcuirfeadh sé iad? Rith sé anonn go dtí an vardrús. D'oscail sé an doras. Bhí spás thíos faoi na héadaí. Ar ais leis go dtí cúinne na campála. Bhailigh sé na bréagáin ar fad le chéile agus chaith isteach sa vardrús iad.

Sheas sé siar.

'Cúinne amháin breá glan anois,' ar seisean leis féin. 'Anois – cúinne na leapa!'

D'fhéach sé ar Fheirdia Frog ar dtús. Bhí boladh bréan ón mbosca. Chaithfeadh sé sin dul isteach sa bhosca bruscair. Ach céard faoi Fheirdia. Chaithfeadh Séamas sochraid cheart a thabhairt dó agus é a chur sa ghairdín nuair a bheadh Mamó agus Daideo imithe abhaile. Idir an dá linn, áfach, chaithfeadh sé áit shábháilte a aimsiú dó.

Bhreathnaigh sé faoina leaba féin. Cinnte d'fheicfeadh Mamaí ansin é. D'oscail sé an vardrús. Bhí air an doras a dhúnadh arís go tapa, áfach, ar eagla go dtosódh na bréagáin ar fad ag titim amach ar an urlár.

Ansin chonaic Séamas na stocaí peile ar an urlár. Bheadh Feirdia sábháilte i gceann acu sin, ceart go leor … go háirithe dá mbeadh craiceann an bhanana sin thart timpeall air. Choinneodh craiceann an bhanana an boladh istigh.

D'fhill Séamas Feirdia go cúramach i gcraiceann an bhanana agus chuir sé isteach sa stoca é.

Ar ais leis ansin go dtí an bosca ina raibh an luch. Ba léir nach raibh aon spéis ag an luch sa leathcheapaire. Chuir Séamas an leathcheapaire isteach sa stoca.

'Ar eagla go mbíonn ocras ar na mairbh,' ar seisean leis féin.



Fós, áfach, chaithfeadh sé áit shábháilte a aimsiú don stoca ina raibh Feirdia. Ní raibh áit ar bith sábháilte ina sheomra féin.

D'fhéadfadh Mamaí breathnú áit ar bith nuair a bheadh an seomra á sheiceáil aici.

Amach leis go dtí an seomra breise. D'fhéach sé faoin leaba. Bheadh Mamaí agus Daidí ina gcodladh ansin. B'fhéidir go mbreathnóidís faoin leaba.

Bhuail smaoineamh iontach é ansin. Bheadh Mamó agus Daideo ina gcodladh i seomra Mhamaí agus Daidí. Bhí siadsan an-sean. Ní bheidís in ann cromadh síos chun breathnú faoin leaba.

Isteach leis i seomra Mhamaí agus Daidí. Bheadh Feirdia slán sábháilte ansin agus an stoca mar chónra aige.

D'fhéach sé faoin leaba. Bhí bróga agus slipéir ann. B'fhéidir go dtiocfadh Daidí isteach chun a chuid slipéar a fháil.

Bhuail smaoineamh eile Séamas ansin. D'ardaigh sé an tocht agus chuir sé an stoca peile isteach faoi.

Amach leis go dtí a sheomra féin arís agus é breá sásta leis féin. Bhailigh sé na héadaí eile a bhí ar an urlár. Bheadh Mamaí an-sásta na bróga reatha sin a fheiceáil. Thug sé amach go dtí barr an staighre iad.

Ní raibh fágtha ansin ach an luch. Ar ais leis go dtí an bosca. Chaithfeadh sé í a chur amach sa ghairdín arís. Ach nuair a d'ardaigh Séamas an bosca thug sé faoi deara go raibh sé an-éadrom. D'ardaigh sé an clúdach. Ní raibh fágtha sa bhosca ach giota beag d'ispín.

'Ó, a thiarcais!' arsa Séamas. 'Cá háit a bhfuil sí?'

Chuardaigh sé faoin leaba í. Chuardaigh sé seomra Mhamaí agus Daidí. Chuardaigh sé an seomra breise.

Ag an bpointe sin chuala sé Mamaí ag teacht aníos an staighre.

'Táim ag teacht anois,' arsa Mamaí, 'agus tá na sceallóga ullamh.'

Rith Séamas isteach ina sheomra féin arís. Is ann a bhí sé nuair a d'oscail Mamaí an doras.

D'fhéach sí thart.

'Bhuel, nach iontach an buachaill thú,' ar sise. 'Tá obair iontach déanta agat anseo. Síos leat anois agus bíodh do chuid sceallóg agat.'

'Agus uachtar reoite?'

'Sea, beidh uachtar reoite againn tar éis an lóin,' arsa Mamaí. 'Tá sé tuillte go maith agat.'

Bhí Séamas an-sásta ar fad.

Amach leo beirt as an seomra. Fós bhí na héadaí salacha ag barr an staighre.

'Céard a dhéanfaidh mé leo seo, a Mhamaí?' arsa Séamas.

'Cuir isteach sa chiseán níocháin iad,' arsa Mamaí, 'agus nífimid ar ball iad'.

'Agus na bróga reatha seo?'

'Is dócha gur chóir dúinn iad sin a ní chomh maith. Cuir sa chiseán iad freisin – ach bí cinnte go dtugann tú an ciseán síos staighre. Ná fág na héadaí salacha sin sa seomra ina mbeidh do Dhaideo agus do Mhamó ina gcodladh!'

Chuir Séamas na héadaí agus na bróga isteach sa chiseán. Ach díreach ag an bpointe sin chuala sé carr Dhaidí sa chlós. Rith sé síos an staighre láithreach chun fáilte a chur roimh Mhamó agus roimh Dhaideo. Ní dhearna sé an dara smaoineamh faoin gciseán níocháin ná faoin luch chaillte ná faoi Fheirdia marbh …

… go dtí an mhaidin dár gcionn.

Guth Mhamó a chuala sé ar dtús.

'Tá brón orm a bheith ag cur isteach oraibh ach níor chodlaíomar néal leis an mboladh sin. Caithfidh go bhfuil rud éigin marbh faoin urlár.'

'B'fhéidir go bhfuil rud éigin lofa sa chiseán níocháin sin,' arsa guth Mhamaí. 'Dúirt mé le Séamas a chuid éadaí salacha a chaitheamh isteach ann agus é a thabhairt síos staighre.'

'B'fhéidir gurb é seo é,' arsa Daidí, a bhí tar éis an tocht a ardú. Bhí stoca peile ina lámh aige agus rud éigin buíghlas ag sileadh as.

Ach níor chuala Mamaí é. Bhí sise róghafa leis an rud a bhí aimsithe aici féin. Bróg reatha Shéamais a bhí ann agus rud bog liath istigh ann.

'Pé rud atá anseo, tá sé nó sí beo,' arsa Mamaí agus crith ina glór!

Thóg Daideo an bhróg uaithi. Bhreathnaigh sé go géar air.

'Ní rud atá ann,' ar seisean, 'ach rudaí! Tá luch tar éis nead a dhéanamh dá cuid báibíní sa bhróg seo! Tabharfaidh mise amach go dtí an gairdín iad láithreach.

'Ach,' arsa Mamaí, 'cad as ar tháinig an luch sin!'

'Agus é seo,' arsa Daidí agus é ag breathnú ar an stoca lofa.

'D'fhéach Mamaí agus Daidí ar a chéile. Amach leo go dtí seomra Shéamais.

'A Shéamais!'

Ach ní raibh Séamas le feiceáil áit ar bith.

I bhfolach faoina leaba féin a bhí sé gan gíog ná míog as … É chomh ciúin le … le …

Bhuel, is dócha go bhféadfá a rá go raibh sé chomh ciúin le luch!

www.filifix.ie
198mm